# Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Press Statement
Preas Ráiteas

## Daonáireamh 2002 - Imleabhar 3 – Déantús an Lín Tí agus Aonaid Teaghlaigh

**Ardú ar líon na Lánúineacha Pósta gan aon chlann orthu**

Tá ardú fíormhór tagtha ar líon na mban céile idir 25 agus 34 bliana d'aois nach bhfuil aon chlann orthu, a deir tuairisc nua inniu ón bPríomhoifig Staidrimh.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2002 Imleabhar 3 - Déantús an Lín Tí agus Aonaid Teaghlaigh* a thugann tuilleadh mionthorthaí ón Daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán, 2002. Tá na figiúirí deireanacha ar fáil sa tuairisc seo ar dhéantús an lín tí agus ar aonaid teaghlaigh rangaithe de réir aoise, gnéis agus rannta críche sonraithe sa tír. (*Féach nóta an eagarthóra*).

Léiríonn an tuairisc nach raibh aon chlann sa bhliain 2002 ar 38% de mhná céile (san áireamh mná a bhí ina gcónaí mar chuid de lánúineacha in aontíos) san aoisghrúpa 25 – 34, i gcomparáid le 28% sé bliana roimhe sin.

Léirítear freisin gurb iad na líonta tí ina raibh lánúineacha pósta agus lánúineacha in aontíos gan aon chlann an rannóg líon tí teaghlaigh ba thapaidh fáis sa tréimhse sé bliana idirdhaonáirimh. D'fhás an cineál seo lín tí ó 169,300 i 1996 go dtí 228,600 i 2002 – sin ardú de bheagnach 35%.

Ní raibh aon chlann ar bhreis agus aon trian de na teaghlaigh ar fad i gCionn tSáile, Co. Chorcaí agus i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroime nuair a tógadh an Daonáireamh i mí an Aibreáin 2002. Ní raibh aon chlann ar 25% de na teaghlaigh uilig sa Stát.

I mBaile an Róba, Co. Mhaigh Eo, i nDún Mór, Co Phort Láirge, Na Solláin, Co. Chill Dara agus i Mainistir na Búille, Co. Roscomáin ní raibh aon chlann ar 32% de na teaghlaigh.

Ar an láimh eile b'é bPort Mearnóg, i gCo Átha Cliath an baile ina raibh an coibhneas is mó teaghlaigh le clann (74%), agus na bailte seo a leanas i gCo na Mí ina dhiaidh Ráth Tó (73%), Dún Búinne (73%) agus Dún Seachlainn (72%).

I mí an Aibreáin 2002, nuair a tógadh an Daonáireamh, bhí 47,778 líonta tí ann ina raibh lánúineacha neamhphósta in aontíos gan aon chlann orthu. Bhí beagnach dhá thrian de na lánúineacha seo ina gcónaí i gCúige Laighean agus bhí 40% acu ina gcónaí i gCathair agus i gContae Átha Cliath.

**Titim i gcónaí ar meánmhéid an lín tí**

Thit meánmhéid na líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta sa Stát ó 3.14 i 1996 go dtí 2.95 i 2002, ag leanacht leis an meath fadthéarmach. Léiríonn an tuairisc seo gurb é 4.6 an meánmhéid a bhí ann sa bhliain 1946.

Feictear ó imleabhar Daonáirimh 2002 freisin go bhfuil méid an lín tí níos lú i mBaile Átha Cliath ná in aon áit eile le meán de 2.59 daoine. Bhí na líonta tí ba mhó le fáil i nDeisceart Átha Cliath le meánmhéid de 3.21.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
LoCall 1890 313 414
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
GlaoÁitúil 1890 313 414
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
Ríomhphost info@cso.ie

Tháinig ardú ar uimhir iomlán na líonta tí ó 1.123 milliún go dtí 1.288 milliún idir na blianta 1996 agus 2002 – ardú de 165,000 nó 14.7%.

Thit meánmhéid na leanaí i ngach teaghlach ó 2.2 sa bhliain 1981 go dtí 1.6 i 2002.

D'fhás líonta tí ina raibh duine amháin ina gcónaí faoi 15% (+35,700) ón mbliain 1996. Ba i gCathair agus i gContae Átha Cliath a bhí 32% acu seo nó 85,004. B'ionann na líonta tí le duine amháin ina gcónaí iontu agus 22% de na líonta tí ar fad sa Stát. Bhí an céatadán ba lú acu seo i nDeisceart Átha Cliath ag 14%.

**Níos mó líonta tí le tuismitheoir aonair**

Léiríonn *Daonáireamh 2002 Imleabhar 3 - Déantús an Lín Tí agus Aonaid Teaghlaigh* freisin go raibh ardú de 20% ar na líonta tí le tuismitheoir aonair sa Stát ó 125,500 i 1996 go dtí 150,600 i 2002. Bhí dhá thrian de na líonta tí le tuismitheoir aonair i gceantair uirbeacha.

**Leanaí ag fanacht níos faide ina gcónaí lena dtuismitheoirí**

Tháinig titim san iomlán ar líon na leanaí a bhí ina gcónaí leis an dá thuismitheoir, titim de 2.6% ó 1,229,000 i 1996 go dtí 1,197,000 i 2002. Mar thoradh ar thitim i líon na leanaí a saolaíodh thit méid na leanaí san aoisghrúpa 0-9 bliana faoi 3% agus thit líon na leanaí san aoisghrúpa 10-19 faoi 11.7%. Ach, d'fhás líon na "leanaí" ina bhfichidí faoi 13.7% ó 1996 agus san Aibreán 2002 bhí 42,500 acu ina dtríochaidí suas 39% i gcomparáid le sé bliana roimhe sin. Ba fhir iad beagnach dhá thrian de na daoine ina dtríochaidí a bhí ina gcónaí leis an dá thuismitheoir.

**Nóta an eagarthóra:**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 19 Meitheamh 2003, ag leibhéal Stáit de na sonraí ó imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na mionthuairiscí daonáirimh. Tá figiúirí den chineál sin ag leibhéal sonraithe geografach ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 2, a cuireadh ar fáil inniu.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6.

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* *28 Lúnasa 2003*

**– CRÍOCH–**